Institution logo here

# FORLÍONADH DIOPLÓMA

Leanann an Forlíonadh Dioplóma seo an tsamhail a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach, Comhairle na hEorpa agus UNESCO/CEPES. Is é cuspóir an fhorlíonta dóthain sonraí neamhspleácha a sholáthar chun 'trédhearcacht' idirnáisiúnta agus aitheantas cóir acadúil agus gairmiúil cáilíochtaí (dioplómaí, céimeanna, teastais etc.) a fheabhsú. Tá sé deartha chun cur síos a sholáthar ar nádúr, leibhéal, comhthéacs, ábhar agus stádas an staidéir a rinne an duine atá ainmnithe ar an gcáilíocht bhunaidh a bhfuil an forlíonadh seo ag gabháil leis agus a chríochnaigh sí/sé go rathúil. Ba cheart go mbeadh sé saor ó aon bhreithiúnais luacha, ráitis choibhéiseacha nó moltaí faoi aitheantas. Ba chóir faisnéis a sholáthar i ngach ceann de na hocht roinn. I gcás nach gcuirtear faisnéis ar fáil, ba chóir go dtabharfadh míniú an fáth.

## 1. FAISNÉIS TRÍNA N-AITHNÍTEAR SEALBHÓIR NA CÁILÍOCHTA

1.1 Sloinne/í

1.2 Céadainm/neacha

1.3 Dáta breithe (ll/mm/bbbb)

1.4 Uimhir aitheantais nó cód an mhic léinn (más ann dó)

## 2. FAISNÉIS TRÍNA N-AITHNÍTEAR AN CHÁILÍOCHT

2.1 Ainm na cáilíochta agus (má bhaineann) an teideal a bronnadh (sa bhunteanga)

2.2 Príomhréimse(réimsí) staidéir don cháilíocht

2.3 Ainm agus stádas na hinstitiúide bronnta (sa bhunteanga)

2.4 Ainm agus stádas na hinstitiúide (murab ionann é agus 2.3) a riarann an cúrsa staidéir (sa bhunteanga)

2.5 Teanga(cha) an teagaisc/an scrúdaithe

## 3. FAISNÉIS AR LEIBHÉAL NA CÁILÍOCHTA

3.1 Leibhéal na cáilíochta

3.2 Fad oifigiúil an chláir

3.3 Riachtanas/ais rochtana


© Aontas Eorpach, 2005-2023

## 4. FAISNÉISE AR AN ÁBHAR AGUS AR NA TORTHAÍ A FUARTHAS

4.1 Mód staidéir

4.2 Torthaí foghlama an chláir

4.3 Sonraí an chláir (m.sh. modúil nó aonaid a ndearnadh staidéar orthu), creidiúintí aonair a gnóthaíodh agus gráid/marcanna a gnóthaíodh

Féach thall

4.4 Scéim grádaithe agus, má tá sé ar fáil, tábla dáileacháin grád

4.5 Aicmiú foriomlán na cáilíochta (sa bhunteanga)

## 5. FAISNÉIS AR FHEIDHM NA CÁILÍOCHTA

5.1 Rochtain ar iar-staidéar

5.2 Rochtain ar ghairm rialaithe (más cuí)

## 6. FAISNÉIS BHREISE

6.1 Eolas breise

6.2 Foinsí breise faisnéise

## 7. DEIMHNIÚ AN FHORLÍONTA

7.1 Dáta

7.2 Síniú

7.3 Cumas

7.4 Stampa nó séala oifigiúil


© Aontas Eorpach, 2005-2023

## 4.3 Sonraí an chláir (m.sh. modúil nó aonaid a ndearnadh staidéar orthu), agus na gráid/marcanna/creidiúintí aonair a gnóthaíodh

***Marcanna as 100%; Pasmharcanna go ginearálta 40%; **Is grád coibhneasta é an grád ECTS a léiríonn feidhmíocht an fhoghlaimeora laistigh den chohórt;**
**A an 10% is fearr; B an 25% dá éis; C an 30% dá éis; D an 25% dá éis; E an 10% dá éis**

| CÓD | ÁBHAR | CÉIM | MARCANNA* | CREIDIÚINTÍ ECTS | GRÁD ECTS |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**CUID 8**

## CUR SÍOS AR AN gCÓRAS ARDOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA IN ÉIRINN

Cuimsíonn córas ardoideachais agus oiliúna na hÉireann raon institiúidí ardoideachais. Tá na hollscoileanna (lena n-áirítear coláistí nasctha agus coláistí oideachais), ollscoileanna teicneolaíochta, Coláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann (RCSI), agus na hinstitiúidí teicneolaíochta bunaithe faoin dlí mar chomhlachtaí dámhachtana ainmnithe. Soláthraíonn raon institiúidí príobháideacha agus institiúidí eile oideachais agus oiliúna cláir as a leanann dámhachtainí QQI. Gheofar liosta d'Institiúidí Ardoideachais aitheanta ar Institiúidí Ardoideachais in Éirinn.

## GNÍOMHAIREACHTAÍ RIALTAIS

Cé gur ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (www.education.ie) atá an fhreagracht iomlán as an gcóras oideachais agus oiliúna tá roinnt gníomhaireachtaí stáit ann a bhfuil freagracht orthu as feidhmeanna sonracha san ardoideachas. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas (www.hea.ie) freagrach as forbairt agus cúnamh a thabhairt chun infheistíocht an Stáit in ardoideachas agus oiliúint a chomhordú, lena n-áirítear taighde agus oideachas idirnáisiúnta. Tá Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (www.qqi.ie) freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) agus as dearbhú cáilíochta seachtrach an bhreisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna (lena n-áirítear soláthar Béarla).

## AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ

Déantar cur síos sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). ar chineálacha agus ar thorthaí foghlama ionchais na ndámhachtainí náisiúnta a dhéanann institiúidí ardoideachais ag leibhéal fochéime agus iarchéime. Deich leibhéal atá sa Chreat, lena n-áirítear dámhachtainí a dhéanann scoileanna, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna. Aithnítear dámhachtainí sa CNC go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá taca acu ó shocruithe reachtacha um dhearbhú cáilíochta. Tá táscairí leibhéil uileghabhálacha ag gach ceann de 10 leibhéal an Chreata le fo-shnáitheanna gaolmhara eolais, scile agus inniúlachta atá oiriúnach don dámhachtain a ghnóthaítear ag gach ceann de na leibhéil seo Tá an CNC ailínithe le Creat Bologna (creat cáilíochtaí le haghaidh an Réimse Ardoideachais Eorpaigh) agus leis an gCreat Eorpach Cáilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (EQF).

 © Aontas Eorpach, 2005-2023 

**DÉANTAR CUR SÍOS THÍOS AR GACH MÓRDHÁMHACHTAIN AGUS DÁMHACHTAIN ARDOIDEACHAIS**

**ARDTEASTAS**
**(LEIBHÉAL 6 CNC/ LEIBHÉAL 5)EQF)**

De ghnáth bronntar an tArdteastas tar éis clár dhá bhliain a chríochnú (120 creidiúint ECTS). Is gnách gur lucht fágála na scoile agus iad siúd a bhfuil cáilíochtaí coibhéiseacha acu a théann isteach sna cláir seo. Is cáilíocht idirmheánach é an tArdteastas laistigh de Chéad Timthriall Bologna.

**GNÁTHCHÉIM BHAITSILÉARA**
**(LEIBHÉAL 7 CNC/ LEIBHÉAL 6 EQF)**

De ghnáth bronntar an Gnáthchéim Baitsiléara tar éis clár trí bliana a chríochnú (180 creidiúint ECTS). Is gnách gur lucht fágála na scoile agus iad siúd a bhfuil cáilíochtaí coibhéiseacha acu a théann isteach i gclár as a leanann an Gnáthchéim Baitsiléara. Ina theannta sin, tá socruithe aistrithe i bhfeidhm ar fud an ardoideachais agus i roinnt clár de thréimhse bliana as a leanann an Gnáthchéim Baitsiléara do shealbhóirí an Ardteastais. Tá an Ghnáthchéim Baitsiléara ag teacht le tuairisceoir Bologna ar an gCéad Timthriall, cé nach mbíonn rochtain láithreach ag sealbhóirí na dámhachtana seo ar chláir as a leanann dámhachtainí Dara Timthrialla in Éirinn.

**CÉIM ONÓRACHA BAITSILÉARA**
**(LEIBHÉAL 8 CNC/ LEIBHÉAL 6 EQF)**

Is gnách an Chéim Onóracha Baitsiléara a bhronnadh tar éis clár a mhaireann idir trí agus ceithre bliana a chríochnú (180-240 creidiúint ECTS), cé go bhfuil samplaí de chláir níos faide i réimsí mar ailtireacht, fiaclóireacht agus leigheas. Is gnách gur lucht fágála na scoile agus iad siúd a bhfuil cáilíochtaí coibhéiseacha acu a théann isteach sna cláir seo. Ina theannta sin, tá socruithe aistrithe i bhfeidhm ar fud an ardoideachais agus i roinnt clár de thréimhse bliana as a leanann an Chéim Onóracha Baitsiléara do shealbhóirí na Gnáthchéime Baitsiléara. Is cáilíocht de Chéad Timthriall Bologna í an Chéim Onóracha Baitsiléara.


**ARD-DIOPLÓMA**
**(LEIBHÉAL 8 CNC/ LEIBHÉAL 6 EQF)**

De ghnáth bronntar an tArd-Dioplóma tar éis clár bliana a chríochnú (60 creidiúint ECTS). Is gnách gur daoine a bhfuil Céim Onóracha Baitsiléara acu a théann isteach sna cláir seo ach glactar le daoine a bhfuil Gnáthchéim Baitsiléara acu freisin. Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn an tArd-Dioplóma i réimse eile foghlama go hiondúil ná an dámhachtain tosaigh. Is cáilíocht é an tArd-Dioplóma ag an leibhéal céanna le críochnú Chéad Timthriall Bologna.


© Aontas Eorpach, 2005-2023


| | |
|---|---|
| **CÉIM MÁISTIR (LEIBHÉAL 9 CNC/ LEIBHÉAL 7 EQF)** | Tá dhá chineál de Chéim Mháistreachta in Éirinn: Céimeanna Máistreachta múinte agus Céimeanna Máistreachta taighde. Bronntar an Chéim Máistir mhúinte tar éis clár bliana go dhá bhliain a chríochnú (60-120 creidiúint ECTS). Is gnách gur daoine a bhfuil Céimeanna Onóracha Baitsiléara acu a théann isteach i gclár as a leanann Céim Máistir mhúinte. I gcásanna áirithe, tugtar cead isteach i gcláir dá leithéid do dhaoine a bhfuil Gnáthchéim Baitsiléara nó a comhionann acu. De ghnáth, dhá bhliain a mhaireann cláir Chéim Máistir Taighde (120 creidiúint ECTS) cé nach bhfuil rátáil chreidmheasa ag gach clár dá leithéid. Tá Céim Máistir na hÉireann ag teacht le críochnú Dara Timthriall Bologna. |
| **DIOPLÓMA IARCHÉIME (LEIBHÉAL 9 CNC/ LEIBHÉAL 7 EQF)** | De ghnáth bronntar an tArd-Dioplóma tar éis clár bliana a chríochnú (60 creidiúint ECTS). Is gnách gur daoine a bhfuil Céimeanna Onóracha Baitsiléara acu a théann isteach sna cláir seo ach ceadaítear daoine a bhfuil Gnáthchéim Baitsiléara acu, leis. Is cáilíocht idirmheánach é an Dioplóma Iarchéime laistigh de Dhara Timthriall Bologna. |
| **CÉIM DOCHTÚIREACHTA (LEIBHÉAL 10 CNC/ LEIBHÉAL 8 EQF)** | Go hiondúil is gá Céim Onóracha Baitsiléara a bheith ag duine a fhéachann le dul isteach i gclár dochtúireachta. I ndisciplíní áirithe, is fearr Céim Máistir a bheith ag an iarratasóir freisin. Go hiondúil cláraíonn daoine a théann isteach i gclár dochtúireachta le Céim Onóracha Baitsiléara le haghaidh Céim Máistir taighde nó iarrthóireacht shealadach dochtúireachta. Iarrthóirí a n-éiríonn leo an chéim thosaigh a chríochnú, bronntar lánstádas orthu mar iarrthóir ar dhochtúireacht. Idir trí agus ceithre bliana a mhaireann cláir dhochtúireachta. Le haghaidh gnéithe múinte amháin a úsáidtear creidiúintí ECTS i gcláir dhochtúireachta. Tá cláir dhifriúla dochtúireachta ann anois, lena n-áirítear dochtúireachtaí gairmiúla agus dochtúireachtaí feidhmíochta/bunaithe ar chleachtas. Tá an Chéim Dhochtúireachta in Éirinn ag teacht le críochnú Tríú Timthriall Bologna. |
| **ARD-DOCHTÚIREACHT (LEIBHÉAL 10 CNC/LEIBHÉAL 8 EQF)** | Rannchuidiú den scoth a chuireann go mór leis an léann is mó a aithnítear sa dámhachtain seo. Is féidir é a úsáid chun dul ar aghaidh sa ghairm bheatha go hardleibhéil acadúla agus taighde. Ní bhíonn an dámhachtain seo bunaithe ar chlár an tsoláthraí riamh agus, mar sin, níl sé faoi réir bailíochtú ach déanann an comhlacht dámhachtana measúnú uirthi i gcás gach soláthraí aonair.<br>Go hiondúil, bíonn an chéad dochtúireacht nó a chomhionann ag an bhfoghlaimeoir cheana féin ar feadh tréimhse ama sula dtagann sí/sé chun bheith ina (h)iarrthóir ar ard-dochtúireacht. Tá Ard-Dochtúireacht na hÉireann ag teacht le críochnú Tríú Timthriall Bologna. |

# HIGHER EDUCATION AND TRAINING SYSTEM



# CREAT BOLOGNA/AN CREAT EORPACH UM CHÁILÍOCHTAÍ

Tá mórdhámhachtainí an CNC leagtha amach thíos mar aon lena n-ailíniú le ‘Creat Bologna’ agus leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (CEC):




| Leibhéal den CEC | Creat EHEA (Bologna) | Leibhéal den Chreat | Cineálacha Mórdhámhachtainí CNC |
|---|---|---|---|
| Leibhéal 1 den CEC | | Leibhéal 1 den CNC | Teastas Leibhéal 1 |
| | | Leibhéal 2 den CNC | Teastas Leibhéal 2 |
| Leibhéal 2 den CEC | | Leibhéal 3 den CNC | Teastas Leibhéal 3 |
| Leibhéal 3 den CEC | | Leibhéal 4 den CNC | Deimhniú Leibhéal 4; Ardteistiméireacht |
| Leibhéal 4 den CEC | | Leibhéal 5 den CNC | Deimhniú Leibhéal 5; Ardteistiméireacht |
| Leibhéal 5 den CEC | | Leibhéal 6 den CNC | Ardteastas |
| | Ardoideachas Timthriall Gearr | | Ardteastas |
| Leibhéal 6 den CEC | Ardoideachas Chéad Timthriall | Leibhéal 7 den CNC | Gnáthchéim Bhaitsiléara |
| | | Leibhéal 8 den CNC | Céim Onóracha Baitsiléara; Ard-Dioplóma |
| Leibhéal 7 den CEC | Ardoideachas Dara Timthriall | Leibhéal 9 den CNC | Céim Máistir; Dioplóma Iarchéime |
| Leibhéal 8 den CEC | Ardoideachas Tríú Timthriall | Leibhéal 10 den CNC | Leibhéal Dochtúireachta; Ard-Dochtúireacht |

**Creat Cáilíochtaí Bologna/Creat Eorpach um Cháilíochtaí**

Ceapadh Próiseas Bologna, ar cuireadh tús leis i 1999, chun Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) a chruthú agus is córas é atá bunaithe ar thrí thimthriall – fochéimí, céimí agus dochtúireacht.

Is iad príomhuirlisí trédhearcachta Bologna an Córas Eorpach um Aistriú agus Carnadh Creidmheasa ECTS, an Forlíonadh Dioplóma agus an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). In 2006, rinne Éire an CNC a ailíniú go foirmiúil le "Creat Bologna".

Ó 2003 i leith bhí comhaontú ann go bhfaigheadh gach mac léinn a bhain céim amach ó ollscoileanna tíre uile Bologna ó 2005 ar aghaidh **Forlíonadh Dioplóma** "go huathoibríoch agus saor in aisce".

Comhthreomhar le Próiseas Bologna tá an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Chríochnaigh Éire an próiseas chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a ailíniú leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí i mBealtaine 2009 agus arís in 2019. (Féach toradh an ailínithe thuas). Éascaíonn an t-ailíniú seo aitheantas don fhoghlaim agus tacaíonn sé le rochtain, aistriú agus forchéimniú d'fhoghlaimeoirí.

Europass Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
26/27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2.
D02 P266
Éire
Teil: +353 1 905 8100
info@europass.ie

**Eolas breise:**

| | |
|---|---|
| **An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)** | https://ec.europa.eu/education/resources-and-tools/european-credit-transfer-and-accumulation-system-ects_en#:~:text=The%20European%20Credit%20Transfer%20and%20Accumulation%20System%20(ECTS)%20is%20a,and%20study%20periods%20abroad%20recognised. |
| **Tairseach CEC** | https://ec.europa.eu/ploteus/en/compare |
| **NARIC Ireland** | www.naric.ie |
| **An tIonad Náisiúnta Europass** | www.europass.ie |
| **Próiseas Bologna na hÉireann** | http://eurireland.ie/programmes/bologna-process/ |
| **An Chiclipéid Eorpach um Chórais Náisiúnta Oideachais** | https://ec.europa.eu/epale/en/resource-centre/content/european-encyclopedia-national-education-systems |
| **An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí** | https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications |
| **Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann** | https://www.qqi.ie/ |